Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0224(NLE)

16.2.2024

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, don tréimhse 2021 go 2027
(12129/2023 – C9-0002/2023 – 2023/0224(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Charlie Weimers

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, don tréimhse 2021 go 2027
(12129/2023 – C9-0002/2023 – 2023/0224(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12129/2023),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, don tréimhse 2021 go 2027 (12128/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 77(2), le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(7), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0002/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Ríocht na hIorua.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is ionstraim shonrach í an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, i gcomhthéacs *acquis* Schengen a bhí ceaptha chun comhtháite teorainneacha láidir agus éifeachtach san Eoraip a áirithiú ag teorainneacha seachtracha. Leis an Ionstraim, éascaítear trasnuithe teorann údaraithe agus, ag an am céanna, déantar imirce neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a chosc agus a bhrath, rud a fhágann go ndéantar Limistéar Schengen a choimirciú, i gcomhréir le gealltanais na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe maidir le cearta bunúsacha, agus tacaítear le cur chun feidhme aonfhoirmeach agus nuachóiriú an chomhbheartais víosaí, rud a fhágann go rannchuidítear le hardleibhéal slándála a ráthú sna Ballstáit agus sna tíortha comhlachaithe.

Measann an Rapóirtéir chomh maith, i bhfianaise nádúr sonrach *acquis* Schengen agus a thábhachtaí atá sé é a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar mhaithe le sláine limistéar Schengen, gur cheart go mbeadh feidhm san Iorua ag na rialacha uile is infheidhme maidir le cláir a bhainistiú ar an mbealach céanna a mbeadh feidhm acu sna Ballstáit. Áirithíonn sé sin go mbeidh leibhéal ard agus aonfhoirmeach rialaithe ann ag na teorainneacha seachtracha.

Tugann na comhaontuithe sásraí sonracha isteach freisin chun coigeartuithe tapa a dhéanamh ar an gcomhaontú leis an Iorua, i gcás athruithe ar phríomhreachtaíocht sin an Aontais atá ábhartha don chur chun feidhme, amhail an Rialachán Airgeadais agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Airithítear leis an gcomhaontú, chomh maith, go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú meántéarma ar IBTV rannpháirtíocht mhoillithe na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen. Tá foráil ann freisin maidir leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS).

I gcás rialuithe buiséadacha agus airgeadais, tá na Ballstáit faoi réir oibleagáidí cothrománacha (e.g. inniúlacht na Cúirte Iniúchóirí, inniúlacht na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), inniúlacht OIPE agus inniúlacht an Choimisiúin), cibé a eascraíonn siad ón gConradh go díreach nó ó reachtaíocht thánaisteach an Aontais, lena n-áirítear Rialachán na bhForálacha Coiteanna mar a luaitear thuas. Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir leis na Ballstáit *ipso facto* agus dá bhrí sin ní leagtar síos i Rialachán IBTV iad. Dá bhrí sin, is gá na hoibleagáidí sin a leathnú chuig an Iorua tríd an gComhaontú lena mbaineann an togra seo.

Mar fhocal scoir, measann an Rapóirtéir gurb iomchuí Comhaontú a bhunú ina leagtar amach na rialacha forlíontacha is gá do rannpháirtíocht Ríocht na hIorua san Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (‘IBTV’) mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha don chlárthréimhse 2021 go 2027 i gcomhréir le hAirteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2021/1148 (‘Rialachán IBTV’).

I bhfianaise an mhéid thuasluaite, molann an Rapóirtéir go dtabharfadh an Pharlaimint a toiliú don dréachtchinneadh ón gComhairle agus treoraíonn dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.